BURREN AND CLIFFS OF MOHER GEOPARK

PEOPLE. PLACE. LEARNING. LIVELIHOOD.

United Nations Educational, Scientific and Cultural Organization · Burren and Cliffs of Moher UNESCO Global Geopark

Eagras na Náisiún Aontaithe um Oideachais, Eolaíocht agus Cultúr · Boireann agus Aillte an Mhothair Geopháirc Domhanda UNESCO

# DÚLAINN
## Bealach Oidhreachta na Geopáirce

# DOOLIN
## Geopark Heritage Trail




## Achoimre ar an tSiúlóid Lúibe / Loop Overview

| Achoimre ar an tSiúlóid Lúibe | Loop Overview |
|---|---|
| FAD: 8.5km | DISTANCE: 8.5km |
| DEACRACHT: Measartha | DIFFICULTY: Moderate |
| AM: 60–80 nóiméad | DURATION: 60–80 minutes |
| TALAMH: Bóithre poiblí | TERRAIN: Public road |
| ...TREALAMH RIACHTANACH: Buataisí siúil, éadaí báistí, deoch, fón póca | MINIMUM GEAR: Walking shoes, raingear, fluid, mobile phone |

| | |
|---|---|
| Bealach Slí Oidhreachta | Heritage Trail Route |
| Malairt Slí atá Níos Giorra | Trail Shortcut |
| Bóthar Náisiúnta | National Roadway |
| Bóthar Réigiúnach | Regional Roadway |
| Bóthar Eile | Other Roadway |
| Foirgnimh | Buildings |

**Aire:** Carraigeacha sleamhna nuair is fliuch iad
**Caution:** Rocks slippery when wet

Ní cheadaítear madraí ar thalamh feirme
No dogs allowed on farmland

### 10 Séipéal Chill Aidhleach



Séipéal ón 10ú – 17ú haois, a ndearnadh athchóiriú ar chuid de faoin tionscnamh pobail 'Sábháil Séipéal Chill Aidhleach'.

**Killilagh Church** A 10th – 17th Century church, parts of which have been restored by a local community initiative 'Save Killilagh Church Project'.

### 9 Ionad Cultúrtha Uí Ruiséil

Ionad pobail a tógadh mar chomóradh ar dheartháireacha Uí Ruiséil, ar cheoltóirí áitiúla traidisiúnta iad a bhain cáil amach ar fud an domhain. Tá an ceol traidisiúnta fós an-láidir sa cheantar.

**Russell Cultural Centre**



Community centre built in honour of the Russell brothers who were world famous local traditional musicians. Traditional music is still very much alive in the area.

### 8 Pluaiseanna

Thíos faoi bhaile Dhúlainn tá 10 gciliméadar de phluaiseanna a shíneann ón séipéal go dtí an fharraige. Cruthaíodh iad na mílte bliain ó shin mar thoradh ar uisce a bheith ag rith tríd an aolchloch.



**Caves** Below Doolin are 10km of cave passages that stretch from the church to the sea. They began to form over a hundred thousand years ago as water flowed through cracks in the limestone.

### 7 Cnocán an Chrochaire

Ráth. Mharaigh an tArd-Sirriam Boetius Mac Fhlannchadha mairnéalaigh ó Armáid na Spáinne a tháinig slán ó longbhriseadh agus deirtear gur anseo a cuireadh iad in 1588. I seilbh phríobháideach, níl cead isteach ag an bpobal.



**Cnocan An Chrochaire** An earthen ring fort. Sailors from the Spanish Armada who survived a shipwreck were killed by High Sheriff Boetius MacClancy and supposedly buried here in 1588. *Note: Private property, no public access*

### 11 Teach Dhúlainn

Níl mórán fágtha de theach Ard-Sirriam an Chláir a dódh go talamh in 1921 le linn Chogadh na Saoirse.

**Doolin House**



Little remains of the home of the High Sheriff of Clare which was burnt to the ground in 1921 during the War of Independence.

### 1 Aolchloch agus Sceall i dTeagmháil

Tá Dúlainn suite ar phointe tábhachtach teagmhála geolaíche idir an aolchloch mhaol atá le feiceáil ó thuaidh agus an sceall dorcha a shíneann ó dheas go Lios Dúin Bhearna.

**Limestone –Shale contact**

Doolin is located on an important geological contact between the bare limestone which is exposed to the north and the dark shale which stretches to Lisdoonvarna.




### 2 Caisleán Dhún Mhic Fheidhlim

Fothrach túrthí a thóg muintir Uí Chonchubhair thart ar 1500. Bhíodh ceithre urlár san iomlán sa túrtheach ach leag arm Chromail é. Tabhair faoi deara: I seilbh phríobháideach, níl cead isteach ag an bpobal.

**Doonmacfelim Castle** The



remains of a tower house built by the O'Connor clan around 1500. Originally four stories high, it was demolished by Cromwell's army. *Note: Private property, no public access.*

### 3 Ráth Chnoc an Stualaire




Faigheann an ráth seo lena radharc anuas ar Dhúlainn, a ainm ón stualaire, nó gallán, atá suite ann. Tabhair faoi deara: I seilbh phríobháideach, níl cead isteach ag an bpobal.

**Cnoc Na Stualaire Earth Fort** The fort with its standing stone overlooking Doolin derives its name from the Irish "stualaire", meaning a peak,or a point. *Note: Private property, no public access.*

### 4 Abhainn na hAille

Ritheann Abhainn na hAille trí chraosán caol ó Lios Dúin Bhearna go Dúlainn. Leanann an abhainn rian na teagmhála geolaíche idir an sceall agus an aolchloch agus rachaidh sí thíos faoin talamh in imeacht ama.



**Aille River** The Aille River flows through a narrow gorge from Lisdoonvarna to Doolin. The river flows along the geological contact between shale and limestone and will eventually go underground.

### 5 Mianaigh Fosfáite an Bhreithimh Comyn

Áit a mbíodh mianaigh fosfáite le linn an Dara Cogadh Domhanda. Cruthaíodh an fhosfáite sa sceall mar thoradh ar chnámha éisc a bheith á gcarnadh breis is 300 milliún bliain ó shin. I seilbh phríobháideach, níl cead isteach ag an bpobal.



**Judge Comyn's Phosphate Mines** Site of phosphate mines during the Second World War. The phosphate formed in shale from the accumulation of fish bones over 300 million years ago. *Note: Private property, no public access.*

### 6 Séipéal Thuaim Molinne

Fothrach séipéil ón 15ú haois agus láthair a mbíodh séipéal ón 14ú haois ann. I seilbh phríobháideach, níl cead isteach ag an bpobal.



**Toomullin Church** Remains of a 15th Century church and site of an earlier 14th Century church. *Note: Private property, no public access.*

## LEAN NA COMHARTHAÍ COISCÉIME

Tá an bealach agus sainchomharthaí geografacha le feiceáil go soiléir ar an léarscáil seo chun do shlí a éascú — acomhail bóithre, foirgnimh srl. Ina theannta sin, feicfidh tú comharthaí beaga coiscéime ag acomhail ar an mbealach chun tú a choinneáil ar an tslí cheart.

## FOLLOW THE FOOTSTEPS

This map clearly indicates the route and geographical landmarks to help you on your way—such as road junctions, buildings etc. To assist you further at junctions on the route, where appropriate, you will find small footprint signs to keep you on the right path.

## NÁ FÁG AON LORG I DO DHIAIDH

1. Déantar Pleanáil agus Ullmhúchán Roimh Ré Bíodh an trealamh cuí agat don tsiúlóid chomh maith le trealamh a bheadh cabhrach i gcás éigeandála. Seiceáil ar réamhaisnéis na haimsire agus bí ullamh i gcónaí roimh athruithe aimsire.
2. Bítear Aireach mar Gheall ar Dhaoine Eile Déan páirceáil mar is cuí, ná cuir bac ar bhealaigh isteach. Ná déan aon damáiste do mhaoin, go háirithe do bhallaí, d'fhálta nó do bharra.
3. Bíodh Meas ar Ainmhithe Feirme agus ar an bhFiadhúlra Coinnítear achar sábháilte amach ó ainmhithe feirme. Ná tóg madraí leat ar thalamh feirme.
   Breathnaigh ar an bhfiadhúlra agus ar éin agus tú i bhfad uathu—gan a bheith ag cur isteach orthu.
4. An Bealach a Chosaint ó Chreimeadh Bí ag taisteal i ngrúpaí beaga agus siúltar duine i ndiaidh duine ar aon chuid den bhealach atá fliuch nó creimthe.
5. Fágtar a bhFhaightear Fágtar geataí mar a fhaightear iad (oscailte nó dúnta). Fágtar clocha, plandaí, ainmhithe, gnáthóga agus séadchomharthaí mar a fhaightear iad.
6. Déantar Diúscairt mar is Cóir ar Dhramhaíl. Tóg abhaile GACH bruscar agus fuilleach bia – Má Thógann tú Ann É – Tóg Leat Amach É!
7. Laghdaítear Tionchar Tine Ná las tinte agus má chaitheann tú tobac bíodh cipíní caite agus bunanna toitín tógtha abhaile leat.
8. Fágtar an Phábháil Aolchloiche mar a Fhaightear í Tá an phábháil aolchloiche faoi chosaint dlí agús í liostaithe mar "Gnáthóg Tosaíochta" faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach, 1992.

## LEAVE NO TRACE ON THE TRAIL

1. Plan Ahead and Prepare Ensure you have the equipment needed for your walk and to cope with emergencies that could arise. Check the weather forecast and always be prepared for changing weather conditions.
2. Be Considerate of Other People Park appropriately so that entrances are not blocked. Do not to damage property, especially walls, fences and crops..
3. Respect Farm Animals and Wildlife Remain at a safe distance from farm animals. Do not bring dogs through farmland. Observe wild animals and birds from a distance—avoid disturbing them.
4. Protect the Trail from Erosion Travel in small groups and walk in single file on wet or eroded sections.
5. Leave what you find Leave gates as you find them (open or closed). Leave rocks, plants, animals, habitats and monuments as you find them.
6. Dispose of Waste Properly. Take home ALL litter and leftover food – if You Bring It In – Take It Out!
7. Minimise the Effects of Fire Do not light fires and if you smoke, take used matches and cigarette butts home with you.
8. Leave the Limestone Pavement as you find it Limestone pavement is listed as a "Priority Habitat" in the European Habitats Directive 1992, and is protected by law.

IRELAND leave no trace

BURREN AND CLIFFS OF MOHER GEOPARK PEOPLE. PLACE. LEARNING. LIVELIHOOD.

United Nations Educational, Scientific and Cultural Organization · Burren and Cliffs of Moher UNESCO Global Geopark · Eagras na Náisiún Aontaithe um Oideachais, Eolaíocht agus Cultúr · Boireann agus Aillte an Mhothair Geopháirc Domhanda UNESCO

Comhairle Contae an Chláir · Clare County Council

Geological Survey · Suirbhéireacht Gheolaíochta · Ireland | Éireann

Fáilte Ireland · National Tourism Development Authority

*Taiscéal! Explore!*


*Foinse na Sonraí Léarscáile: Tá sonraí Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann atáirgthe faoi Cheadúnas OSi uimhir 2010/04/CCMA Chomhairle Contae an Chláir. Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaraithe cóipcheart Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Rialtas na hÉireann. © Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, 2010*

*Source of Map Data: Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi License number 2010/04/CCMA/Clare County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. © Ordnance Survey Ireland, 2010*